**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2001**

# EACNAMAÍOCHT BHAILE (EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA)

## GNÁTHLEIBHÉAL

---

**DÉ MÁIRT, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.45**

---

(400 marc)

Ní mór **cúig** cheist a fhreagairt.
Ní mór **ceist amháin** a roghnú as **gach** Roinn ar leith, na ceisteanna eile ar rogha an iarrthóra.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

THALL→

Ní mór **cúig** cheist a fhreagairt.
Ní mór **ceist amháin** a roghnú as **gach** Roinn ar leith, na ceisteanna eile ar rogha an iarrthóra.

## ROINN 1 – EOLAÍOCH

**1.** Tabhair cuntas ar Vitimín C faoi **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:
**(i)** feidhmeanna san aiste bia; **(ii)** príomhfhoinsí san aiste bia;
**(iii)** éifeachtaí diothachta; **(iv)** airíonna.
Luaigh na bealaí ar féidir cailleadh Vitimín C a laghdú agus bia **(a)** á stóráil, **(b)** á ullmhú agus **(c)** á chócaráil.

**2.** Leag amach torthaí staidéir atá déanta agat ar fheoil faoi na ceannteidil seo a leanas:
**(i)** luach cothaitheach;
**(ii)** struchtúr;
**(iii)** éifeachtaí cócarála.
Ag baint úsáide as gearradh feola níos saoire, tabhair treoracha maidir le hullmhú, cócaráil, agus dáileadh mias phríomhchúrsa lóin a bheadh oiriúnach do theaghlach de cheathrar.
Scríobh nóta eolais ar phróitéin uigeach glasraí (TVP).

**3.** Tabhair cuntas ar **(i)** shuíomh agus ar **(ii)** struchtúr an chroí dhaonna.
Bain úsáid as léaráidí lipéadaithe go soiléir le do fhreagra a leiriú.
Tabhair cuntas ar imshruthú na fola idir an croí agus na scamhóga.
Luaigh na tosca a théann i bhfeidhm ar bhualadh an chroí.

**4.** Déan measúnacht ar **(i)** luach cothaitheach, **(ii)** luach diaitéiteach agus **(iii)** luach eacnamaíoch na ngránach san aiste bia.
Déan cur síos ar an gcaoi a ndéantar pasta agus ainmnigh **trí** chineál éagsúla pasta.
Déan cur síos ar an gcaoi a ndéanfá mias pasta, a bheadh oiriúnach do bheirt mhac léinn mar bhéile tráthnóna, a ullmhú, a chócaráil, agus a riar. Áirigh costas na méise.

## **<u>ROINN II - SÓISIALTA</u>**

**5.** *Fadhb shóisialta is ea an t-ólachán faoi aois, agus í ag méadú de shíor*. Pléigh an ráiteas seo agus liostaigh roinnt treoirlínte maidir le húsáid chiallmhar an alcóil.
Tabhair cuntas ar gach ceann díobh seo a leanas:
**(a)** na héifeachtaí gearrthréimhseacha agus na héifeachtaí fadtréimhseacha a bhíonn ag mí-úsáid alcóil ar an gcorp daonna agus
**(b)** na héifeachtaí a bhíonn ag ólachán iomarcach **(i)** ar an teaghlach agus **(ii)** ar an tsochaí.
Déan cur síos ar fhoinse **amháin** chúnaimh atá ar fáil don duine atá spleách ar an alcól.

**6.** Tabhair cuntas eolais ar **<u>dhá</u>** cheann ar bith díobh seo a leanas:

**(i)** na cúiseanna agus na héifeachtaí a bhaineann le daoine óga a bheith ag éirí as an scolaíocht ró-óg;
**(ii)** na buntáistí a bhaineann le **(a)** ógchlubanna agus **(b)** grupaí súgartha sa phobal;
**(iii)** na cúiseanna agus na héifeachtaí a bhaineann le méadú rannpháirtíocht náisiúnaigh ón iasacht sa lucht oibre;
**(iv)** na seirbhísí leasa shóisialta atá ar fáil do dhaoine atá éirithe as obair / do dhaoine scothaosta.

**7.** Déan sraith treoirlínte ginearálta a chur le céile ar chóir a leanúint agus buiséad á leagan amach.
Liostaigh **(i)** na hasbhaintí éigeantacha agus **(ii)** na hasbhaintí roghnacha is féidir a thógáil as pá fostaí.
Pleanáil agus leag amach buiséad teaghlaigh do thriúr agus ioncam glan IR£160 sa tseachtain acu.
Scríobh cuntas eolais ar **(a)** Scéim na gCártaí Leighis **<u>nó</u>** **(b)** Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh.

**8.** Déan achoimre ar na tosca ba chóir a chur san áireamh agus scéim dathanna á pleanáil don teach.
Luaigh an comhshuíomh a bhaineann le péint agus mínigh na difríochtaí atá idir péinteanna bunaithe ar uisce agus péinteanna bunaithe ar ola.
Luaigh na buntáistí a bhaineann le péint a úsáid mar bhailchríoch ar bhallaí agus déan cur síos ar roinnt bailchríoch maisiúla péinte atá coitianta faoi láthair.

**9.** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach don tomhaltóir an úsáid is eacnamúla a bhaint as fuinneamh?
Mínigh an prionsabal a bhaineann le hinsliú.
Déan cur síos ar chinéal **<u>amháin</u>** inslithe a bheadh oiriúnach do **<u>gach ceann</u>** de na háiteanna seo a leanas i dteach nua: **(i)** an t-áiléar; **(ii)** na ballaí; **(iii)** na fuinneoga agus na doirse.
Luaigh roinnt treoirlínte ab fhéidir a leanúint chun fuinneamh a chaomhnú agus
**(a)** an teach á théamh agus **(b)** soilsiú á úsáid.